Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Márta 2026**
**(OR. en)**

**6996/26**

**COH 43**
**FIN 364**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15635/25 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Ceartuithe airgeadais sa bheartas comhtháthaithe: Creat casta agus gan ach cinneadh amháin glactha ag an gCoimisiún go dtí seo' - Formheas |

1. An 20 Samhain 2025, fuair Ardrúnaíocht na Comhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2025 dar teideal 'Ceartúcháin airgeadais sa bheartas comhtháthaithe: Creat casta agus gan ach cinneadh amháin glactha ag an gCoimisiún go dtí seo'.

2. De bhun na rialacha a leagtar síos sna Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gCúirt Iniúchóirí[1], d'ordaigh Coiste na mBuanionadaithe, ag an gcruinniú a bhí aige an 26 Samhain 2025, don Mheitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiún is Forimeallaí scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil sin de réir na rialacha a leagtar síos sna conclúidí thuasluaite.

[1] 7515/00 FIN 127 + COR 1.

3. Chuir an Chúirt Iniúchóirí an tuarascáil i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí an 2 Nollaig 2025. Scrúdaigh an Mheitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí na dréachtchonclúidí ón gComhairle a mhol an Uachtaránacht ag na cruinnithe a bhí aici an 11 Nollaig 2025[2] agus an 20 Eanáir 2026[3].

4. An 4 Márta 2026, tháinig an Mheitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí ar chomhaontú maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle atá san iarscríbhinn[4] a ghabhann leis seo, bunaithe ar an tríú togra a thíolaic an Uachtaránacht.

5. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na conclúidí ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad, a fhormheas, mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh aici amach anseo.

---

2 WK 16840/2025 INIT.
3 WK 16840/2025 REV 1.
4 WK 16840/2025 REV 2.

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Ceartúcháin airgeadais sa Bheartas comhtháthaithe - Creat casta agus gan ach cinneadh amháin glactha ag an gCoimisiún go dtí seo'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ('an Chúirt') agus na freagraí ón gCoimisiún Eorpach ('an Coimisiún') ar an Tuarascáil;

2. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá bainistíocht fhónta airgeadais i gcur chun feidhme chistí an Aontais agus, dá bhrí sin, ceartúcháin airgeadais a chur i bhfeidhm nuair is gá chun buiséad an Aontais a chosaint ar neamhrialtachtaí;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, faoin mbainistíocht chomhroinnte, go bhfuil na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach freagrach le chéile as buiséad an Aontais a chosaint, agus go ndéantar foráil do cheartuithe airgeadais le Rialacháin na bhForálacha Coiteanna 1303/2013 agus 2021/1060, is infheidhme faoi seach maidir leis an tréimhse 2014-2020 agus leis an tréimhse 2021-2027, agus é mar chuspóir caiteachas neamhrialta a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh measúnú in iniúchadh na Cúirte ar leordhóthanacht an chreata rialála don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) roimhe seo agus don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) reatha (2014-2020 agus 2021-2027), ar an úsáid iomchuí a bhaineann an Coimisiún as an gcreat rialála chun ceartúcháin airgeadais a chur i bhfeidhm, chomh maith leis an gcóras a chuir an Coimisiún ar bun chun tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gceartúchán airgeadais;

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

- Leis an gcreat dlíthiúil, tugtar lánrogha don Choimisiún maidir le cathain tús a chur leis an nós imeachta i ndáil le ceartúchán airgeadais agus maidir leis an bhfad is féidir leis a thógáil;

- Tá cásanna ann inar mhol an Coimisiún ceartúcháin shistéamacha ar ráta comhréidh ina raibh earráidí a braitheadh go haonarach ar cheart iad a chainníochtú ar leithligh;

- Níor sheol an Coimisiún nósanna imeachta maidir le ceartú airgeadais go pras i gcónaí tar éis don tuarascáil iniúchóireachta chríochnaitheach a bheith formheasta, toisc nach raibh bunús leordhóthanach leis na barúlacha sna tuarascálacha iniúchóireachta críochnaitheacha, agus nach raibh seasamh críochnaitheach á leagan amach aige i gcónaí;

- Maidir le roinnt ceartuithe airgeadais a mhol an Coimisiún ar dtús, laghdaíodh ina dhiaidh sin iad gan údar leordhóthanach a thabhairt;

- Maidir leis an treoraíocht agus na critéir ón gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar phríomhcheanglais agus chun meastóireacht a dhéanamh ar easnaimh thromchúiseacha a bheith ann, níl siad soiléir go leor, agus is minic a chuirtear i bhfeidhm ar bhealach neamhréireach iad;

- Ní léiríonn ceartúcháin mheasta a bheidh le déanamh amach anseo cumas an Choimisiúin earráidí sa chaiteachas comhtháthaithe a shainaithint agus a cheartú, ní nochtann an Coimisiún méid iomlán na gceartúchán agus níl na méideanna tuairiscithe iontaofa go leor;

- Rinne na Ballstáit ceartuithe substainteacha airgeadais tar éis a n-iniúchtaí féin, iniúchtaí an Choimisiúin agus na Cúirte agus imscrúduithe OLAF.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE tuairim an Choimisiúin ina fhreagraí ar na barúlacha, na tuairimí agus an moladh a áirítear sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe an méid seo a leanas:

- Is é is aidhm do cheartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm buiséad an Aontais a chosaint trí chaiteachas neamhrialta a eisiamh agus gan smachtbhanna a fhorchur ar na Ballstáit, ar chur chun feidhme beartais ná ar chláir nuair a bhraitear laigí nó neamhrialtachtaí córais, ach ina ionad sin oibriú go dlúth le chéile faoi bhainistíocht chomhroinnte chun córais a fheabhsú agus staid ina gcosnaítear buiséad an Aontais a athbhunú;

- Ós rud é gurb ann don fhéidearthacht sa chreat rialála glancheartúcháin airgeadais éigeantacha a chur chun feidhme as a n-eascraíonn caillteanas leithdháiltí, bhí éifeacht dhíspreagthach shuntasach aige sin agus rannchuidigh sé leis an acmhainneacht bhraite agus cheartúcháin a neartú sna Ballstáit i gcomparáid le tréimhsí roimhe sin;

- Ní dhéantar feabhsuithe ar na córais bhainistíochta agus rialaithe a fhorfheidhmiú ná a chur chun feidhme go príomha trí nósanna imeachta ceartúcháin airgeadais ach faoi uirlisí dlí eile, go príomha, bristeacha láithreacha ar sprioc-amanna íocaíochta le gníomhaíochtaí feabhais riachtanacha, agus fionraíochtaí íocaíochta a luaithe a bhraitear easnamh tromchúiseach nó neamhrialtacht thromchúiseach;

- Cosnaítear buiséad an Aontais gan beann ar cé acu a chuireann nó nach gcuireann an Coimisiún nó na Ballstáit na ceartuithe airgeadais chun feidhme, nó cé acu a bhíonn nó nach mbíonn laghdú ar ranníocaíocht an Aontais mar thoradh orthu, toisc go n-eisiatar an caiteachas neamhrialta ó íocaíochtaí an Aontais agus, dá bhrí sin, ó bhuiséad an Aontais;

7. AITHNÍONN SÍ measúnú na Cúirte go bhfuil roinnt laigí i ndearadh an tsásra ceartúcháin airgeadais don dá chlárthréimhse ar gá aghaidh a thabhairt orthu, agus nach bhfuil cur i bhfeidhm na gceartúchán éifeachtach chun buiséad an Aontais a chosaint ach i bpáirt;

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar an moladh ón gCúirt agus a áirithiú go gcuirfear ceartúcháin airgeadais chun feidhme go tráthúil agus go comhréireach, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, go mbeidh comhsheasmhacht sa mheasúnú ar na príomhcheanglais, agus urraim á tabhairt do cheart na mBallstát agus na dtairbhithe iad féin a chosaint agus an fhianaise is gá a chur ar fáil ag gach céim den nós imeachta;

9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcaoi a dtuairiscítear ceartúcháin sna Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí agus sa Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht an Bheartais Chomhtháthaithe, mar a mhol an Chúirt, agus an creat dlíthiúil arna shainiú ag na comhreachtóirí i ndáil le hoibleagáidí tuairiscithe na mBallstát á urramú ag an am céanna;

10. AITHNÍONN SÍ gur gá sásra ceartúcháin éifeachtach, trédhearcach, comhréireach agus intuartha a bhunú don chlárthréimhse tar éis 2027, arb é is aidhm dó deimhneacht dhlíthiúil agus cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú, agus na tosaíochtaí beartais a bhaint amach, le soiléireacht fheabhsaithe maidir le sainmhínithe ar neamhrialtachtaí agus ar an dlí is infheidhme.